2026/2390

29.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2390 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Deireadh Fómhair 2026

lena ndéantar allmhairí aigéid aicéitiolsalaiciligh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chur faoi réir a gcláraithe ionas go mbeifear in ann dleachtanna frithdhumpála a thobhach ar na hallmhairí sin a chuirtear faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Meán Fómhair 2026, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí aigéid aicéitiolsalaiciligh isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín').

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí seo tar éis gearán a chuir Novacyl SAS isteach an 10 Lúnasa 2026 thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán aigéid aicéitiolsalaiciligh an Aontais acu.

1. AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE

(3) Is é aigéad o-aicéitiolsalaicileach (CAS RN 50-78-2) de thionscnamh na Síne an táirge atá faoi réir a chláraithe ('an táirge lena mbaineann').

(4) Aicmítear an táirge lena mbaineann faoi chód AC ex 2918 22 00 (cód TARIC 2918 22 00 20) faoi láthair.

2. CLÁRÚ

(5) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe.

(6) Is é is cuspóir don chlárú a áirithiú gur féidir dleachtanna frithdhumpála, más ann dóibh, a thobhach go cúlghabhálach ar na hallmhairí atá faoi réir a gcláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, má chomhlíontar na coinníollacha is gá.

(7) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, más ann dóibh, déanfar measúnú orthu sa Rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha.

(8) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a thiocfadh sé.

(9) De réir na ríomhanna arna soláthar sa ghearán inar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, meastar corrlaigh dhumpála idir 20 % agus 45 % agus leibhéal díothaithe díobhála idir 49 % agus 78 % a bheith ann le haghaidh an táirge lena mbaineann sa tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025. De ghnáth, dhéanfaí an méid dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle idir leibhéal na dumpála agus leibhéal na díobhála, de réir Airteagal 9(4) den bhun-Rialachán.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C/2026/4913, 23.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4913/oj.

(10) Mar sin féin, ag an gcéim seo ní féidir leis an gCoimisiún an méid dliteanais a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo a mheas. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le faisnéis amháin atá na méideanna a luaitear sa ghearán agus ní féidir aon choinne a bheith ann dá mbarr, bunaithe ar na méideanna sin, leis an leibhéal iarbhír dliteanais a shuífear mar thoradh ar an imscrúdú.

3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(11) Aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí aigéid o-aicéitiolsalaiciligh (CAS RN 50-78-2) isteach san Aontas a chlárú, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2918 22 00 (cód TARIC 2918 22 00 20) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é.

2. Rachaidh an clárú in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).